



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta
2003*

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 2

180 MARC

Aoine
6 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 12.50

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

Nóta: Tá rogha idir AN CÚRSA AINMNITHE agus AN CÚRSA ROGHNACH.

Má roghnaíonn tú AN CÚRSA AINMNITHE freagair:

<i>Ceist 1</i>	A	PRÓS AINMNITHE
<i>Ceist 2</i>		PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de A, B, C, nó D
<i>Ceist 3</i>	A C	FILÍOCHT AINMNITHE <u>AGUS</u> DÁNTA DUALGAIS BREISE
<i>Ceist 4</i>		STAIR NA GAEILGE

Má roghnaíonn tú AN CÚRSA ROGHNACH freagair:

<i>Ceist 1</i>	B	PRÓS ROGHNACH
<i>Ceist 2</i>		PRÓSTÉACS BREISE: do rogha de A, B, C, nó D
<i>Ceist 3</i>	B C	FILÍOCHT ROGHNACH <u>AGUS</u> DÁNTA DUALGAIS BREISE
<i>Ceist 4</i>		STAIR NA GAEILGE

Ceist 1

PRÓS 40 MARC

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) *nó* **B** (Prós Roghnach) anseo thíos.

A

–PRÓS AINMNITHE–

40 marc

Freagair **(a)** agus **(b)**.

- (a)** “Sa scéal béaloidis *Clann Lir* tá léiriú maith ar an mbua atá ag an ngrá daonna ar fhórsaí an oilc.”
Déan plé **gairid** air sin. 25 mharc

nó

Déan plé **gairid** ar théama na coimhlinte sa dráma *An Lasair Choille*. 25 mharc

- (b)** Scríobh tuairisc **ghairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear tréithe na mná sa ghearrscéal *Fiosracht Mhná*. 15 mharc

nó

Maidir leis an ngearrscéal *Fiosracht Mhná*, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas:-

- (i) an léiriú atá ann ar mheon an fhir *nó* ar mheon na mná;
(ii) dearcadh an údair ar mheon na beirte, dar leat;
(iii) críoch an ghearrscéil. 15 mharc

B

–PRÓS ROGHNACH–

40 marc

Freagair **(a)** agus **(b)**.

- (a)** Maidir le scéal béaloidis a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar an léiriú a dhéantar ann ar laoch *nó* ar bhanlaoch sa scéal.

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin mar aon le hainm an údair/scéalaí a bhreacadh síos go cruinn. 25 mharc

nó

Maidir le sliocht as úrscéal a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar an bplota atá ann agus ar an tslí a ndéantar forbairt ar an bplota sin.

Ní mór teideal an úrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn. 25 mharc

- (b)** Maidir le gearrscéal a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar an léiriú atá ann ar thréithe an phríomhcharachtair.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn. 15 mharc

nó

Maidir le gearrscéal a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar do rogha **dhá cheann** de na gnéithe seo a leanas:-

- (i) buntéama an ghearrscéil;
(ii) an léiriú atá ann ar dhuine ar bith de na príomhcharachtair;
(iii) éifeacht phlota an scéil.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin mar aon le hainm an údair a bhreacadh síos go cruinn. 15 mharc

Ceist 2

PRÓSTÉACS BREISE 40 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN DE **A nó B nó C nó D** ar leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall).

A

–GEARRSCÉALTA–

40 marc

Freagair (a) nó (b).

(a) SCOTHSCÉALTA

40 marc

- (i) “Tá go leor scéalta sa leabhar seo faoin ngrá, ach is minic nach aon dea-thoradh a bhíonn ar an ngrá céanna.” Déan plé **gairid** air sin i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *Neill, M’Fhile Caol Dubh*.

nó

- (ii) “Tá léiriú le fáil i gcuid de na scéalta ar an athrú a thagann ar dhuine agus ar a shaol de bharr tubaiste éigin.” Déan plé **gairid** air sin i gcás CEANN AMHÁIN de na scéalta seo: *Páidín Mháire, An Bhean ar Leag Dia Lámh uirthi*.

(b) CNUASACH GEARRSCÉALTA ROGHNACH

40 marc

- (i) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, déan plé **gairid** ar an athrú a thagann ar dhuine ar bith de na príomhcharachtair atá ann agus ar an gcúis leis an athrú sin.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

nó

- (ii) Maidir le gearrscéal ar bith as do chnuasach roghnach, scríobh tuairisc **ghairid** ar an mbuntéama atá ann agus ar an gcaoi ar láimhseáil an t-údar an téama sin ó thús deireadh an ghearrscéil.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

B

–ÚRSCÉALTA–

40 marc

Freagair (a) nó (b).

(a) MÁIRE NIC ARTÁIN

40 marc

- (i) “Is duine truamhéalach í Máire nach bhfuil aon smacht aici ar imeachtaí a saoil féin”. Déan plé **gairid** air sin.

nó

- (ii) Pléigh **go gairid** a éifeachtaí is a léirítear toscaí sóisialta agus polaitiúla na linne is cúlra don úrscéal seo.

(b) ÚRSCÉAL ROGHNACH

40 marc

- (i) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc **ghairid** ar do rogha **beirt** de na príomhcharachtair atá ann agus ar an gcaoi a gcuireann siad **nó** nach gcuireann siad le forbairt bhunphlota an úrscéil.

Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

nó

- (ii) Maidir leis an úrscéal roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc **ghairid** ar an léiriú atá ann ar shaol agus ar thoscaí sóisialta an phobail ina bhfuil príomheachtraí an úrscéil suite.

Ní mór teideal an úrscéil sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

Ceist 2 ar leanúint

C

–DÍRBHEATHAISNÉISÍ–

40 marc

Freagair (a) nó (b).

(a) A THIG NÁ TIT ORM

40 marc

- (i) Déan plé **gairid** ar an léiriú a thugtar sa dírbheathaisnéis seo ar shaol an údair le linn dó a bheith sa bhunscoil agus sa cheardscoil.

nó

- (ii) “Tá stíl mhealltach, tharraingteach eachtraíochta agus scéalaíochta ag Maidhc Dainnín.” Déan plé **gairid** ar an tuairim sin.

(b) DÍRBHEATHAISNÉIS ROGHNACH

40 marc

- (i) “Déantar caomhnú sa dírbheathaisnéis go minic ar ghnéithe áirithe de shaol agus de stair shóisialta phobal an údair”. Cé chomh fíor is atá sé sin i gcás cibé dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi? (Is leor plé **gairid**).

Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

nó

- (ii) Maidir leis an dírbheathaisnéis roghnach a ndearna tú staidéar uirthi, scríobh cuntas **gairid** ar na trí ghné den saothar sin is mó a chuaigh i bhfeidhm ort.

Ní mór teideal na dírbheathaisnéise sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

D

–DRÁMAÍ–

40 marc

Freagair (a) nó (b).

(a) AN TRIAIL

40 marc

- (i) Scríobh tuairisc **ghairid** ar an bpáirt a ghlacann do rogha **beirt** de na pearsana seo sa dráma agus ar an gcaoi a gcuireann siad le cur chun cinn an phlota.

Mailí, Bean Uí Chathasaigh, Áine Ní Bhreasail.

nó

- (ii) Déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a chuirtear an choimhlint agus an teannas os ár gcomhair sa dráma seo.

(b) DRÁMA ROGHNACH

40 marc

- (i) “Is minic léiriú i *genre* an dráma ar an gcoimhlint agus ar an gcruachás daonna.” Déan é sin a phlé **go gairid** maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air.

Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

nó

- (ii) Maidir leis an dráma roghnach a ndearna tú staidéar air, scríobh tuairisc **ghairid** ar thús an dráma agus ar an gcaoi inar chabhraigh sé *nó* nár chabhraigh sé le forbairt an dráma ina dhiaidh sin.

Ní mór teideal an dráma sin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an údair.

Ceist 3

FILÍOCHT 70 MARC

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) ar leathanaigh 6 agus 7, **nó B** (Filíocht Roghnach) leathanach 8.
Ní mór do **gach iarrthóir C** (Dánta Dualgais Breise) ar leathanaigh 9 agus 10 a fhreagairt.

A

–FILÍOCHT AINMNITHE–

35 mharc

Freagair **(a)** thíos agus **(b)** thall.

- (a) (i) “Ní mór an meas a léiríonn an file ar chuing an phósta ná ar na dualgais a ghabhann leis. Déan plé **gairid** air sin i bhfianaise ábhair véarsaí a trí agus a ceathair. 12 mharc
- (ii) Scríobh nóta **gairid** ar an éifeacht, dar leat, a bhaineann leis na tagairtí a dhéantar don dúlra san amhrán. 8 marc

BRÍD ÓG NÍ MHÁILLE

A Bhríd Óg Ní Mháille, 's tú d'fhág mo chroí cráite
's chuir tú arraingeacha báis trí cheartlár mo chroí;
tá na mílte fear i ngrá led éadan ciúin náireach
's go dtug tú barr breácha ar Thír Oireall' más fíor.

Níl ní ar bith is áille ná grian os cionn gairdín
nó bláth bán na n-airne bhíos ag fás ar an draighean;
mar siúd a bhíos mo ghrá-sa le deise 's le breácha,
a chúl tiubh na bhfáinní a bhfuil mo ghean ort le bliain.

Is buachaill deas óg mé 'tá ag triall chun mo phósta
's ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighe mé mo mhian;
a chuisle 's a stórach, faigh réidh is bí romhamsa
go déanach Dé Domhnaigh ar bhóithrín Droim Chliabh.

Is tuirseach 's is brónach a chaithimse an Domhnach,
mo hata 'mo dhorn 's mé ag osnail go trom,
's mé ag amharc ar na bóithre a mbíonn mo ghrá geal ag góil ann
's í ag fear eile pósta 's gan í a bheith liom.

nó

- (i) “Meafar éifeachtach leanúnach atá sa dán *Treall*”. Déan plé **gairid** ar an ráiteas sin. 12 mharc
- (ii) Scríobh nóta **gairid** ar na mothúcháin is mó atá sa dán seo agus ar ar mhúscail na mothúchain sin, dar leat, i gcroí an fhile. 8 marc

TREALL

Tabhair dhom casúr
nó tua
go mbrisfead is
go millfead
an teach seo,
go ndéanfad tairseach
den fhardoras

'gus urláir de na ballaí,
go dtiocfaidh sraith
agus díon agus
similéir anuas
le neart mo chuid
allais...

Sín chugam anois
Na cláir is na tairní
Go dtóigfead
An teach eile seo...

Ach, a Dhia, táim tuirseach!

(b) Maidir leis an dán *Chlaon Mé Mo Cheann* déan plé **gairid** ar chruachás an fhile ann.

15 mharc

nó

Maidir leis an dán *Chlaon Mé Mo Cheann*, déan trácht **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:-

atmaisféar; maithneachas; codarsnacht.

15 mharc

Chlaon Mé Mo Cheann

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go ndearcfáinn
An teach ar tógadh mé ann,
Ar eagla go bhfeicfínn
Mo mháthair sa doras
Agus í ag fanacht go himníoch liom,
Nó m'athair ag pilleadh
Tráthnóna le fonn.

Chlaon mé mo cheann
Ar eagla go scilfeadh
Gach bliain a scéal,
Ar eagla go bhfeicfínn
An strainséir sa doras
Is go ngéillfínn don racht
In mo chléibh.

B

–FILÍOCHT ROGHNACH–

35 mharc

Freagair **(a)** agus **(b)**.

- (a)** (i) Maidir le dán a chum **fear** a ndearna tú staidéar air, tabhair cuntas **gairid** ar an dá príomh-mhothúchán a mhúsclaíonn an dán ionat féin agus ar na cúiseanna a músclaítear na mothúcháin sin ionat. 12 mharc

- (ii) Maidir leis an **dán céanna**, déan plé **gairid** ar an úsáid a bhaineann an file as íomhánna *nó* as meafair ann.

Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an fhile.

8 marc

nó

- (i) Maidir le seandán a ndearna tú staidéar air, déan plé **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file, dar leat, as do rogha **dhá cheann** díobh seo a leanas:

meafair, cúlra stairiúil, samhla.

Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an fhile.

12 mharc

- (ii) Maidir leis an **dán céanna**, déan plé **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a léirítear mothúchán **amháin** atá ann.

Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an fhile.

8 marc

- (b)** Maidir le dán *eile* de na dánta roghnacha a ndearna tú staidéar orthu a chum **bean agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, luaigh an príomhthéama atá ann, dar leat, agus déan plé **gairid** ar a éifeachtaí is a chuirtear an téama sin os ár gcomhair.

Ní mór teideal an dáin a bhreacadh síos go cruinn mar aon le hainm an fhile.

15 mharc

nó

Maidir leis na dánta *eile* de na dánta roghnacha a ndearna tú staidéar orthu **agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas**, roghnaigh dán nua-aimseartha amháin díobh a chum **fear**, luaigh *teideal an dáin agus ainm an fhile* agus déan trácht **gairid** ar an gcúis, dar leat, ar roghnaigh an file an teideal sin agus ar oiriúnacht an teidil don téama.

15 mharc

Ceist 3 ar leanúint

Freagair **C** (Dánta Dualgais Breise) anseo.

C

–DÁNTA DUALGAIS BREISE–

35 mharc

Freagair **(a)** ar leathanach 9 (thíos) nó **(b)** ar leathanach 10 (thall).

(a) Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) “Tá léiriú an-mhaith sa dán *Mí an Mheithimh* ar an gcodarsnacht idir saol an fhile anois agus saol an fhile ar an oileán tráth dá shaol.” Déan plé **gairid** ar an tuairim sin. 20 marc

(ii) Déan trácht **gairid** ar a éifeachtaí, dar leat, is a bhaintear úsáid as meafair agus as samhail amháin sna línte seo a leanas:

*Ní súilíní gréine a thugair
Ach súilíní cuimhne a fhilleann
Amhail bhainfeá an glas
De chomhad an chroí,
Nó an leac de nead na gcuimhní...*

9 marc

(iii) Déan cur síos **gairid** ar mhothúchán amháin atá le brath ar an dán, dar leat.

6 mharc

Mí an Mheithimh

Ní tusa domsa Mí an tséin
Ach mí an léin is an duifín,
Ní súilíní gréine a thugair
Ach súilíní cuimhne a fhilleann
Amhail bhainfeá an glas
De chomhad an chroí,
Nó an leac de nead na gcuimhní
Ar thréimhse úd an aoibhnis,
Nuair ba tú im' mheabhairse
Tinte cnámh is laethe meala,
Mí fhéile Choilm is mí Eoin,
Mí fhéile Pheadair is mí Phóil,
Mí an Phátrúin is an rince
Nuair a bhí mo dhaoine sona,
Nuair nach mbíodh ag curach uain
Lobhadh ar dhuirling d'easpa cuain,
Nuair nach mbíodh an leic mhór
Aon Domhnach gan a tionól,
Cuir ar ais, a mhí, an leac,
is cuir ar an gcomhad an glas.

Ceist 3 ar leanúint

(b) Freagair (i), (ii) AGUS (iii) thíos.

(i) “Is é príomhbhúa an dáin *An Ceoltóir Jazz* ná an léiriú éifeachtach neamhghnách atá ann ar cheoltóir maith.” Déan plé **gairid** ar an ráiteas sin. 20 marc

(ii) Déan plé **gairid** ar an meafar atá in úsáid ag an bhfile sna línte seo a leanas.

*Féach! tá taoide rabharta
Ag líonadh a chromáin,
Is nuair a thránn sé
Chím iasc ciúin
In íochtar an aigéin...*

6 mharc

(iii) Déan plé **gairid** ar éifeacht na húsáide a bhaineann an file as saghsanna éagsúla solais. 9 marc

AN CEOLTÓIR JAZZ

Níl sa ghealach amuigh anocht
Ach spotsholas eile
A aimsíonn tine dhraíochta
Ina fheadóg mhór;
Scinneann lasracha
Óna gha airgid
Anois le fuadar stoirme,
Éist! Ní féidir breith air.
Ní lena chroí amháin
A sheinneann sé
Ach lena chorp iomlán,
Féach! tá taoide rabharta
Ag líonadh a chromáin,
Is nuair a thránn sé
Chím iasc ciúin
In íochtar an aigéin
Agus loinnir an cheoil
Ina shúil.

Ceist 4

STAIR NA GAEILGE 30 MARC

Scríobh gearrchuntas ar DHÁ CHEANN acu seo a leanas.

(a) Do rogha **beirt** díobh seo:-

Pádraig Mac Piarais
Dubhghlas de hÍde
Máirtín Ó Cadhain
Seosamh Mac Grianna
Aogán Ó Rathaille
Liam Ó Flaithearta
Cathal Ó Searcaigh
Nuala Ní Dhomhnaill

(b) An Rúraíocht. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(c) An Ghaeilge mar theanga Cheilteach. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(d) Athbheochan na Gaeilge. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(e) Béaloideas na Gaeilge. (Is leor **trí** mhórphointe.)

(f) Do rogha **dhá cheann** díobh seo:-

Ogham, Na Gluaiseanna, Leabhar na hUidhre, Filíocht na mBard.

Leathanach

Bán